Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 30 Iúil 2020
(OR. en)

9800/20

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0159(NLE)**

PECHE 183

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 30 Iúil 2020 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2020) 344 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2020/123 maidir le deiseanna áirithe iascaireachta in 2020 in uiscí an Aontais agus in uiscí nach uiscí de chuid an Aontais iad |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2020) 344 final.

Faoi iamh: COM(2020) 344 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 30.7.2020
COM(2020) 344 final

2020/0159 (NLE)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2020/123 maidir le deiseanna áirithe iascaireachta in 2020 in uiscí an Aontais agus in uiscí nach uiscí de chuid an Aontais iad**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Socraítear le Rialachán (AE) 2020/123 ón gComhairle le haghaidh 2020 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic áirithe éisc agus le haghaidh grúpaí de stoic éisc is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad. Déantar na deiseanna iascaireachta sin a leasú roinnt uaireanta, de ghnáth, le linn iad a bheith i bhfeidhm.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá na bearta atá beartaithe ceaptha i gcomhréir le cuspóirí agus rialacha an Chomhbheartais Iascaigh agus tá siad comhsheasmhach le beartas an Aontais maidir leis an bhforbairt inbhuanaithe.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá na bearta atá beartaithe comhsheasmhach le beartais eile de chuid an Aontais, go háirithe leis na beartais i réimse an chomhshaoil.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is é Airteagal 43 (3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais bunús dlí an togra seo.

Eascraíonn oibleagáidí an Aontais maidir le saothrú inbhuanaithe beo-acmhainní uisceacha as oibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 2 de bhun-Rialachán CBI.

- **Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)**

Baineann an togra le hinniúlacht eisiach an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 3(1)(d) den Chonradh. Níl feidhm ag prionsabal na coimhdeachta dá bhrí sin.

- **Comhréireacht**

Comhlíonann an togra prionsabal na comhréireachta ar an gcúis seo a leanas: is comhbheartas é CBI. De réir Airteagal 43(3) den Chonradh, tá sé de dhualgas ar an gComhairle na bearta maidir le socrú agus leithdháileadh deiseanna iascaireachta a ghlacadh.

- **An rogha ionstraime**

An ionstraim atá beartaithe: rialachán.

## 3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Neamhbhainteach

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Tugtar san áireamh sa togra an t-aiseolas a fuarthas ó na páirtithe leasmhara, ó Chomhairlí Comhairleacha, ó na húdaráis náisiúnta, ó eagraíochtaí iascairí agus ó eagraíochtaí neamhrialtasacha le linn na bliana, agus tugtar an t-aiseolas sin uathu san áireamh agus na deiseanna iascaireachta á socrú.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Tá an Togra bunaithe ar chomhairle eolaíoch[1] na Comhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara (ICES) agus an Choiste Eolaíoch, Theicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (STECF).

- **Measúnú tionchair**

Cuireann Airteagal 43(3) den Chonradh teorainn le raon feidhme an rialacháin maidir le deiseanna iascaireachta.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Neamhbhainteach.

- **Cearta bunúsacha**

Neamhbhainteach.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní bheidh aon impleachtaí buiséadacha ag na bearta atá beartaithe.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Leis na leasuithe atá beartaithe, féachtar le Rialachán (AE) 2020/123 ón gComhairle a mhodhnú mar a thuairiscítear thíos.

Ainseabhaithe i bhfolimistéir 9 agus 10

Maidir le hainseabhaithe (*Engraulis encrasicolus*) i bhfolimistéir 9 agus 10 ICES agus in uiscí an Aontais a bhaineann le CECAF 34.1.1, is speiceas saolré giorra é agus i mí na Bealtaine cuirtear críoch ar na suirbhéanna a dhéantar air. Socraítear an tréimhse le haghaidh na gabhála iomláine incheadaithe (TAC) ón 1 Iúil go dtí 30 Meitheamh na bliana dár gcionn. Áirítear leis sin go bhfuil na deiseanna iascaireachta bunaithe ar an measúnú is fearr faoi earcaíocht bhliantúil an speicis sin a bhfuil saolré ghearr aige.

I Rialachán (AE) 2020/123 ón gComhairle, tá an TAC le haghaidh ainseabhaithe i bhfolimistéir 9 agus 10 ICES agus in uiscí an Aontais a bhaineann le CECAF 34.1.1. is infheidhme ón 1 Iúil 2020 go dtí an 30 Meitheamh 2021 socraithe ag nialas go dtí go n-eiseofar an chomhairle eolaíoch. Sa dara leasú ar dheiseanna iascaireachta 2020, socraíodh TAC de 4 018 tona go dtí an 30 Meán Fómhair 2020 chun gur féidir leanúint leis an iascach. Eisíodh an chomhairle eolaíoch an 18 Meitheamh 2020. Ba cheart an TAC le haghaidh na tréimhse dar tús 1 Iúil 2020 a leasú, dá bhrí sin, i gcomhréir leis an gcomhairle eolaíoch is déanaí ó ICES.

Rochtain ar na faoitíní gorma in uiscí Fharó

[1] http://www.ices.dk/community/advisory-process/Pages/Latest-advice.aspx

I dtaifead comhaontaithe na gcomhairliúchán iascaigh idir Oileáin Fharó agus an tAontas le haghaidh 2020, chomhaontaigh an dá pháirtí rochtain chómhalartach a dheonú d'uiscí a chéile chun na faoitíní gorma (*Micromesistius poutassou*) a ghabháil in uiscí an Aontais agus in uiscí idirnáisiúnta in 1, 2, 3, 4, 5, 6, 7, 8a, 8b, 8d, 8e, 12 agus 14 laistigh den teorainn de 37 500 tona in aghaidh an pháirtí. Cuireann coinníoll speisialta teorainn leis an méid faoitíní gorma is féidir leis na Ballstáit a ghabháil óna gcuótaí féin in uiscí Fharó, teorainn is ionann agus céatadán áirithe de sciar iomlán an Aontais. Ba cheart a bheith sa chéatadán seo cion chearta rochtana an Aontais de 37 500 tona i gcomparáid le sciar iomlán an Aontais de 326 484 tona. Is céatadán de 11.4 % é sin, arb é an méid is féidir leis na Ballstáit a ghabháil óna gcuótaí féin in uiscí Fharó. Ba cheart an céatadán sin, socraithe ag 7 % faoi láthair, a leasú dá réir.

Rochtain ar na faoitíní gorma in uiscí an Aontais

I dtaifead comhaontaithe na gcomhairliúchán iascaigh idir an Iorua agus an tAontas le haghaidh 2020 maidir le socruithe iascaigh *ad hoc* i dtaca le bainistiú na bhfaoitíní gorma agus na scadán Atlantach (scadáin an Atlantaigh-Chríoch Lochlann) a sceitheann san earrach, deonaítear don dá pháirtí 190 809 tona faoitíní gorma a ghabháil in uiscí a chéile. Cuireann coinníoll speisialta teorainn le rochtain iascaireachta na hIorua in uiscí an Aontais in 4a go 40 000 tona (i gcomhréir le taifead comhaontaithe na gcomhairliúchán iascaigh idir an Iorua agus an tAontas le haghaidh 2020). Is é atá sa teorainn ghabhála sin in 4a 21 % de chuóta rochtana iomlán na hIorua in uiscí an Aontais in 2, 4a, 5, 6 lastuaidh de 56° 30' T agus 7 laistiar de 12° I. Ba cheart an uimhir chéatadáin sin, atá socraithe ag 18 %, a leasú dá réir.

Deiseanna iascaireachta le haghaidh na gcaibeallán in uiscí na Graonlainne

Le prótacal an chomhaontaithe comhpháirtíochta iascaigh idir an tAontas agus an Ghraonlainn, foráiltear go bhfaigheann an tAontas 7.7 % den ghabháil iomlán atá ar fáil le haghaidh na gcaibeallán (*Mallotus villosus*) atá le gabháil in uiscí na Graonlainne de ICES i bhfolimistéir 5 agus 14. Tar éis na comhairle ó ICES maidir le 169 520 tona, agus i gcomhréir le prótacal iascaigh na Graonlainne agus an Aontais, tá tairgthe ag an nGraonlainn an 12 Meitheamh 2020 13 053 tona caibeallán a thabhairt don Aontas. Tosaíonn séasúir iascaireachta le haghaidh an TAC sin an 20 Meitheamh 2020 agus críochnaíonn sé an 15 Aibreán 2021. I Rialachán (AE) 2020/123 ón gComhairle, socraíodh an tábla TAC le haghaidh caibeallán ag nialas le haghaidh na tréimhse idir an 20 Meitheamh 2019 agus an 30 Aibreán 2020, agus ba cheart é a leasú dá réir sin le haghaidh na tréimhse idir an 20 Meitheamh 2020 agus an 15 Aibreán 2021.

Comhairliúchán leis an Ríocht Aontaithe

Toisc go bhfuil an Rialachán seo le glacadh le linn na hidirthréimhse dá bhforáiltear sa Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis an Ríocht Aontaithe i gcomhréir le hAirteagal 130(1) den Chomhaontú sin.

2020/0159 (NLE)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE

## lena leasaítear Rialachán (AE) 2020/123 maidir le deiseanna áirithe iascaireachta in 2020 in uiscí an Aontais agus in uiscí nach uiscí de chuid an Aontais iad

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais, agus go háirithe Airteagal 43(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2020/123[1] ón gComhairle, socraítear le haghaidh 2020 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad.

(2) I Rialachán (AE) 2020/123, socraíodh ag nialas an ghabháil iomlán incheadaithe (TAC) le haghaidh ainseabhaithe (*Engraulis encrasicolus*) i bhfolimistéir ICES 9 agus 10 agus in uiscí an Aontais i roinn CECAF 34.1.1. Sa dara leasú[2] ar Rialachán (AE) 2020/123 ón gComhairle, socraíodh TAC sealadach chun gur féidir leanúint leis an iascach. Speiceas a bhfuil saolré ghearr aige is ea an t-ainseabhaí agus eisíodh an chomhairle eolaíoch an 18 Meitheamh 2020. Ba cheart teorainneacha gabhála le haghaidh na n-ainseabhaithe i bhfolimistéir ICES 9 agus 10 agus in uiscí an Aontais i roinn 34.1.1 CECAF a leasú i gcomhréir leis an gcomhairle eolaíoch is déanaí ón gComhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara (ICES) agus atá socraithe ag 15 699 tona.

(3) I dtaifead comhaontaithe na gcomhairliúchán iascaigh idir Oileáin Fharó agus an tAontas le haghaidh 2020, chomhaontaigh an dá pháirtí rochtain chómhalartach a dheonú d’uiscí a chéile chun na faoitíní gorma (*Micromesistius poutassou*) a ghabháil in uiscí an Aontais agus in uiscí idirnáisiúnta in 1, 2, 3, 4, 5, 6, 7, 8a, 8b, 8d, 8e, 12 agus 14 laistigh den teorainn de 37 500 tona in aghaidh an pháirtí. Le coinníoll speisialta sa tábla TAC, deonaítear rochtain don Aontas ar uiscí Fharó agus, i bhfoirm céatadán de sciar iomlán an Aontais, cuirtear teorainn leis an méid faoitíní gorma is féidir leis na Ballstáit a ghabháil óna gcuótaí féin in uiscí Fharó. Ba cheart a bheith sa chéatadán sin cion chearta rochtana an Aontais de 37 500 tona i gcomparáid le sciar iomlán an Aontais de 326 484 tona faoitíní gorma. Is é atá sa mhéid sin céatadán de

[1] Rialachán (AE) 2020/123 ón gComhairle an 27 Eanáir 2020 lena socraítear le haghaidh 2020 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad (IO L 25, 30.1.2020, lch. 1).

[2] Rialachán (AE) 2020/900 ón gComhairle an 25 Meitheamh 2020 lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1838 a mhéid a bhaineann le deiseanna iascaireachta áirithe le haghaidh 2020 i Muir Bhailt, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2020/123 maidir le deiseanna iascaireachta áirithe in 2020 in uiscí an Aontais agus in uiscí nach de chuid an Aontais iad, *IO L 207, 30.6.2020, lch. 4–14*

11.4 %, arb é an méid is féidir leis na Ballstáit a ghabháil óna gcuótaí féin in uiscí Fharó. Ba cheart an céatadán sin, socraithe ag 7 %, a leasú dá réir.

(4) I dtaifead comhaontaithe na gcomhairliúchán iascaigh idir an Iorua agus an tAontas le haghaidh 2020 maidir le socruithe iascaigh *ad hoc* i dtaca le bainistiú na bhfaoitíní gorma (*Micromesistius poutassou*) agus na scadán Atlantach (scadáin an Atlantaigh-Chríoch Lochlann) a sceitheann san earrach, deonaítear don dá pháirtí 190 809 tona faoitíní gorma a ghabháil in uiscí a chéile. Sa tábla TAC le haghaidh na bhfaoitíní gorma lena dtugtar rochtain iascaireachta don Iorua in uiscí an Aontais in 2, 4a, 5, 6 lastuaidh de 56° 30' T agus 7 laistiar de 12°I, cuirtear cosc, le coinníoll speisialta, leis an ngabháil in 4a gan a bheith níos mó ná 40 000 tona (i gcomhréir le taifead comhaontaithe na gcomhairliúchán iascaigh idir an Iorua agus an tAontas le haghaidh 2020). Is é atá sa teorainn ghabhála sin in 4a 21 % de chuóta rochtana iomlán na hIorua. Ba cheart an uimhir chéatadáin sin, atá socraithe ag 18 % faoi láthair, a leasú dá réir.

(5) Leis an gcomhaontú comhpháirtíochta iascaigh idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt amháin, agus Rialtas na Danmhairge agus Rialtas Dúchais na Graonlainne, den pháirt eile[3], agus leis an bprótacal[4] a ghabhann leis, foráiltear go bhfaigheann an tAontas 7,7 % den ghabháil iomlán atá ar fáil le haghaidh na gcaibeallán (*Mallotus villosus*) atá le gabháil in uiscí na Graonlainne d’fholimistéir 5 agus 14. I gcomhréir leis an bprótacal, an 12 Meitheamh 2020; thairg an Ghraonlainn 13 053 tona caibeallán don Aontas agus iad le gabháil idir an 20 Meitheamh 2020 agus an 15 Aibreán 2021. Ba cheart tábla na ndeiseanna iascaireachta le haghaidh na gcaibeallán a leasú dá réir.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2020/123 a leasú dá réir.

(7) Tá feidhm ag na teorainneacha gabhála dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2020/123 ón 1 Eanáir 2020 le haghaidh na bhfaoitíní gorma in uiscí an Aontais in 2, 4a, 5, 6 lastuaidh de 56° 30' T agus 7 laistiar de 12°I, ón 20 Meitheamh 2020 le haghaidh na gcaibeallán in uiscí na Graonlainne d’fholimistéir 5 agus 14, agus ón 1 Iúil 2020 le haghaidh na n-ainseabhaithe i bhfolimistéir 9 agus 10 agus in uiscí an Aontais i roinn 34.1.1 CECAF. Na forálacha a thugtar isteach leis an Rialachán seo a bhaineann le teorainneacha gabhála, ba cheart iad a theacht i bhfeidhm a luaithe is féidir agus feidhm chúlghabhálach a bheith acu le haghaidh na bhfaoitíní gorma ón 1 Eanáir 2020, le haghaidh na gcaibeallán ón 20 Meitheamh 2020, agus le haghaidh na n-ainseabhaithe ón 1 Iúil 2020. Ní dhéanann an cur i bhfeidhm cúlghabhálach sin difear do phrionsabal na deimhneachta dlíthiúla agus don phrionsabal i dtaobh ionchais dhlisteanacha a chosaint, mar nach bhfuil na deiseanna iascaireachta atá i gceist ídithe go fóill.

(8) Chuathas i gcomhairle leis an Ríocht Aontaithe i gcomhréir le hAirteagal 130(1) den Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach,

---

[3] IO L 172, 30.6.2007, lch. 4.

[4] Prótacal lena leagtar amach deiseanna iascaireachta agus ranníocaíocht airgeadais dá bhforáiltear sa chomhaontú comhpháirtíochta iascaigh idir an Comhphobal Eorpach de pháirt amháin, agus rialtas na Danmhairge agus Rialtas Dúchais na Graonlainne, den pháirt eile (IO L 305, 21.11.2015, lch. 3).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasú ar Rialachán (AE) 2020/123**

Leasaítear Iarscríbhinní IA agus IB a ghabhann le Rialachán (AE) 2020/123 mar a leanas:

(1) Leasaítear Iarscríbhinn IA mar a leanas:

(a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla deiseanna iascaireachta le haghaidh ainseabhaithe in 9 agus 10 agus in uiscí an Aontais i roinn 34.1.1 CECAF:

“

| Speiceas: | An t-ainseabhaí *Engraulis encrasicolus European anchovy* | | Limistéar: | 9 agus 10; uiscí an Aontais i roinn 34.1.1 CECAF (ANE/9/3411) |
|---|---|---|---|---|
| An Spáinn | 7 494 | (1) | TAC réamhchúraim | |
| An Phortaingéil | 8 175 | (1) | | |
| An tAontas | 15 669 | (1) | | |
| TAC | 15 669 | (1) | | |
| (1) | Ní fhéadfar an cuóta a ghabháil ach ón 1 Iúil 2020 go dtí an 30 Meitheamh 2021. | | | |

”;

(b) Sa tábla deiseanna iascaireachta le haghaidh na bhfaoitíní gorma (*Micromesistius poutassou*) in uiscí an Aontais agus uiscí idirnáisiúnta in 1, 2, 3, 4, 5, 6, 7, 8a, 8b, 8d, 8e, 12 agus 14, cuirtear an méid seo a leanas in ionad fonóta 1:

“(1) Coinníoll speisialta: laistigh de chainníocht rochtana iomlán de 37 500 tona le haghaidh an Aontais, féadfaidh na Ballstáit suas leis an gcéatadán seo a leanas dá gcuótaí a ghabháil in uiscí Fharó (WHB/*05-F.): 11.4 %.”;

(c) Sa tábla deiseanna iascaireachta le haghaidh na bhfaoitíní gorma (*Micromesistius poutassou*) in uiscí an Aontais in 2, 4a, 5, 6 lastuaidh de 56° 30' T agus 7 laistiar de 12°I, cuirtear an méid seo a leanas in ionad fonóta 2:

“(2) Coinníoll speisialta: is é a bheidh sa ghabháil in 4a méid nach mó ná an méid seo a leanas (WHB/*04A-C): 40 000

Is é atá an teorainn ghabhála sin in 4a an céatadán a leanas de chuóta rochtana na hIorua:

21 %”;

(2) In Iarscríbhinn IB, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla deiseanna iascaireachta le haghaidh na gcaibeallán in uiscí na Graonlainne in 5 agus 14:

“

| Speiceas: | An caibeallán *Mallotus villosus* | | Limistéar: | uiscí na Graonlainne in 5 agus 14 (CAP/514GRN) |
|---|---|---|---|---|
| An Danmhairg | 2 595 | | TAC anailíseach | |
| An Ghearmáin | 113 | | Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 | |
| An tSualainn | 186 | | Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 | |
| An Ríocht Aontaithe | 24 | | | |
| Na Ballstáit uile | 134 | (1) | | |
| An tAontas | 3 053 | (2) | | |
| An Iorua | 10 000 | (2) | | |
| TAC | Ní bhaineann le hábhar | | | |
| (1) | Ní bheidh rochtain ag an Danmhairg, an Ghearmáin, an tSualainn ná an Ríocht Aontaithe ar chuóta "na mBallstát uile" go dtí go mbeidh a gcuóta féin ídithe acu. Ní bheidh rochtain ar bith, áfach, ar an gcuóta "na Ballstáit uile" ag Ballstáit a bhfuil níos mó ná 10 % de chuóta an Aontais acu. | | | |
| (2) | Maidir le tréimhse iascaireachta ón 20 Meitheamh 2020 go dtí an 15 Aibreán 2021.” | | | |

”.

*Airteagal 2*
*Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag Airteagal 1(1) pointe (a) ón 1 Iúil 2020, agus pointí (b) agus (c) ón 1 Eanáir 2020.

Beidh feidhm ag Airteagal 1(2) ón 20 Meitheamh 2020.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*